nuachtncse
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Nollaig 2010 Eagrán 4

Clár

Nuacht na Comhairle
Teachtaireacht ón gCathaoirleach 1
An Plean Téarnaimh Náisiúnta 2

An Rannóg SENO
Dearcadh Tuismitheoirí ar Uilechuimsitheacht 2
Malartú ar Leith idir dhá Scoil Speisialta 4
Rang réamhscoile a oscailt 5
Rang Idirghabhála Urlabhra agus Teanga 5

Taighde an NCSE
Comhdháil Taighde an NCSE 2010 6

Oideachas Speisialta
Comhdháil Náisiúnta ar Oideachas na mBodhar 9
Fóram Comhchomhairleach 9
Update Nuashonrú ar an nGníomhaireacht Eorpach um Oideachas Riachtanais Speisialta 10

Teachtaireacht ó Chathaoirleach na Comhairle

Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna Comhairle nua do théarma trí bliana ón 1 Eanáir 2010. Anois go bhfuil deireadh na céad bliana den Chomhairle seo ag druidim linn, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill go léir faoi chomh tiomanta is a bhí siad d'obair na Comhairle, a bhain tairbhe as a gcuid taithí faoi leith agus as a gcuid saineolais maidir le hobair le leanaí agus le daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Is croíghníomhaíocht de chuid an NCSE i gcónaí é acmhainní breise a leithdháileadh ar scoileanna le tacú le leanaí agus le daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta acu. Lean an NCSE ag déanamh dul chun cinn i mbliana ina chuid oibre lena chinntiú go leithdháilfear na hacmhainní sin ar scoileanna ar bhealach comhleanúnach, tráthúil agus trédhearcach. Tá an Chomhairle an-airdeallach ar na géarchúinsí eacnamaíocha reatha agus ar na bearta atá le déanamh chun ord a chur ar ár n-airgeadas poiblí, mar a foilsíodh i bPlean Téarnaimh Náisiúnta an Rialtais 2011– 2014. Saincheist thábhachtach don Chomhairle is ea go gcoimeádfar tacaíochtaí dóthanacha do leanaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus go ndíreofar na tacaíochtaí atá ar fáil ar na leanaí sin a bhfuil an riachtanas is mó acu. Aithníonn an Chomhairle, anois go bhfuil cúrsaí eacnamaíochta mar atá,gur gá dúinn oibriú le chéile lena chinntiú go gcuirfear tacaíocht ar fáil nuair atá fianaise ann go dteastaíonn sé chomh maith le húsáid éifeachtach a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil, agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh orthu.

Rinneadh dul chun cinn leanúnach i mbliana ar chlár taighde leathan agus fadréimseach sa réimse oideachais speisialta, atá ag cur bonn fianaise ar fáil anois ar mhaithe le comhairle beartais sa réimse oideachais speisialta a fhorbairt. Ba é an toradh na hoibre sin gur tionóladh an dara seimineár taighde de chuid an NCSE in ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh an 24 Samhain 2010. Mar chuid den seimineár rinne triúr údar cur i láthair ar thurascálacha taighde a déanadh le déanaí. Rinne siad plé ar leithligh ar na saincheisteanna seo a leanas: samhlacha agus torthaí sárchleachtais maidir le hoideachas do leanaí a bhfuil suaitheadh mothúchánach/deacrachtaí iompraíochta acu, samhlacha idirnáisiúnta le diagnóis agus measúnú a dhéanamh ar riachtanais speisialta oideachais; agus suirbhé náisiúnta ar dhearcaí agus ar thaithí tuismitheoirí ar sheirbhísí oideachais speisialta.

Tá an Chomhairle ag cur a comhairle beartais maidir leis an ról a bheidh ag scoileanna agus ranganna speisialta in Éirinn amach anseo i gcrích agus tá súil aici a bheith in ann an chomhairle sin a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna go luath san bhliain úr. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin a bhí mar bhonn taca d'ullmhúchán na comhairle sin, d'iarr an Chomhairle comhairle ar an bhFóram Comhairleach, mar a bhí riachtanach faoi théarmaí an Achta EPSEN, 2004. Ba mhaith leis an gComhairle buíochas a ghabháil leis an bhFóram as a chuid breithnithe a chuir le treoir a comhairle beartais a chruthú.

D'fhógair an tUasal Pat Curtin go bhfuil sé beartaithe aige éirí as a phost ag deireadh na bliana. Mar an chéad Phríomhfheidhmeannach a ceapadh chuig an gComhairle Náisiúnta bhí sé freagrach as bunú na heagraíochta agus chuir sé go mór lena treoir straitéiseach a chruthú. Léirigh sé taithí mhór agus é i mbun na hoibre sin, taithí a fuair sé ó bheith ag obair ar feadh na mblianta i ranna Rialtais éagsúla, go háirithe an Roinn Oideachais agus Scileanna. Chuaigh an taithí sin chun tairbhe dúinn le seacht mbliana anuas agus ba mhaith linn anois buíochas a ghabháil le Pat as an tiomantas dúthrachtach a bhí aige d'obair na Comhairle thar ceann leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Guímid gach rath air féin agus ar a theaghlach agus é ag dul ar scor..

Ar deireadh, ba mhaith liom Nollaig faoi Shéan is faoi Mhaise a ghuí ar ár léitheoirí go léir.

Sydney Blain

Is féidir altanna le haghaidh foilsithe agus tuairimí faoin nuachtlitir a chur ar ríomhphost chuig: newsletter@ncse.ie.

Baineann na tuairimí a chuirtear in iúl sa nuachtlitir seo leis na húdair ar leith agus ní gá go gceadódh an Chomhairle Náisiúnta don Oideachas Speisialta iad.

NUACHT NA COMHAIRLE AR LEAN

An Plean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014

Sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011 – 2014, léirigh an Rialtas an tosaíocht atá tugtha aige don oideachas go dtí seo agus a thabharfaidh sé dó thar thréimhse an Phlean trí chaitheamh ar bhealach níos fabhraí le poist teagaisc agus Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS) faoi bheartas líon foirne na hearnála poiblí agus faoin moratorium ar fholúntais a líonadh. Mar sin féin, léirigh sé go bhfuil sé beartaithe aige laghdú mór a dhéanamh ar chostais phárolla múinteoirí thar thréimhse an phlean trí éifeachtúlachtaí níos mó, laghdú ar an líon múinteoirí agus bearta eile.

Leag an Rialtas béim ar na harduithe móra a tháinig ar an líon CRSanna a leithdháileadh ar scoileanna le blianta beaga anuas chomh maith. Maidir leis sin, d'fhógair sé go bhfuil sé beartaithe aige uasteorainn is ionann agus leibhéal 2011 a chur ar an líon CRSanna, agus córas nua a thabhairt isteach le bainistiú níos forghníomhaí ar acmhainní CRSanna a éascú.

DES has requested the NCSE to advance the developmentTá sé curtha in iúl ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) don Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) ó shin go bhfuil an uasteorainn socraithe ag 10,575 post CRS Comhionann Lánaimsire (WTE). D'iarr an DES ar an NCSE forbairt a bhrú chun cinn maidir le moltaí faoin tslí leis an líon CRSanna a bhainistiú laistigh den uasmhéid sin. Tá sé i gceist ag an NCSE Ciorclán a eisiúint chuig scoileanna i mí Eanáir 2011 a leagfaidh socruithe nua maidir le leithdháileadh CRSanna amach, lena chinntiú go ndíreofar na hacmhainní atá ar fáil i dtreo tacú leis na daltaí sin is mó a bhfuil an riachtanas acu.

Coiste an Oireachtais ar Oideachas agus Scileanna

Tá aighneacht na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chuig Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas agus Scileanna, an 16 Nollaig 2010, maidir le hOideachas Riachtanais Speisialta, ar fáil anois ag www.ncse.ie

An taithí atá againn ar uilechuimsitheacht

RUTH FEIGHERY

Rugadh mac dúinn, John, an 10 Márta 1991. Ba eisean an tríú páiste a bhí againn. Mar thuismitheoirí bhí ríméad orainn gur buachaillín láidir, folláin a bhí ann, ach bhí difríocht ann mar go raibh Siondróm Down air. Bhain sé croitheadh asainn mar ní raibh cleachtadh ag ceachtar againn ar leanaí a raibh Siondróm Down orthu. Ar an taobh eile de bhí ríméad sa teach mar bhí na leanaí eile thar a bheith sásta lena ndeartháir beag. Thug siad baróga agus suathaireacht dó. Tugadh aird air agus grá dó. Ba shampla iontach dúinne na leanaí eile, a bhí trí agus ceithre bliana d'aois ag an am. Mar a rinneamar leis na leanaí eile, bhíomar ag iarraidh aithne a chur ar ár mac óg agus caidreamh a chruthú leis. Ba linne é; bhí sé ar dhuine den teaghlach agus den phobal.

Bhain an chéad bheirt leanbh na gnáthchlochmhílte amach, agus bhí a phearsantacht féin ag gach duine acu. Maidir le John, bhí sé ar nós leabhar oscailte, agus é féin ag scríobh na scripte. Ní rabhamar ag súil le haon ní sonrach uaidh ach bhíomar buíoch as gach céim forbartha. Thosaíomar ag cur níos mó muiníne sa mhéid a bhí sé ábalta a dhéanamh.

Bliain go leith ina dhiaidh sin rugadh Lucy agus bhí a gclann againn ansin. Bhí John ag forbairt leis, in éineacht lenashibhlíní. Bhí sé níos déanaí ná na leanaí eile ag baint clochmhílte amach ach bhain sé amach iad agus chabhraíomar go léir leis.

Scoil a aimsiú

Mheasamar go dtabharfadh scoil Montessori tús maith do na leanaí go léir. Thug mé cuairt ar scoil Montessori a moladh dom. D'iarr mé go gcuirfí na leanaí go léir ar liosta feithimh, ach dúradh liom nach nglacfaí leis an tríú leanbh de bharr gogcuirfeadh sé nó go bhféadfadh sé cur as don rang. Bhain sin croitheadh asam mar cheap mé gur do leanaí ar nós John a bunaíodh Montessori an chéad lá riamh. D'imigh mé as agus fios agam nárbh é an áit cheart é do dhuine ar bith dár gcuid leanaí.

Tréimhse ghnóthach sa bhaile a bhí ann agus d'fhreastalaíomar ar ár soláthróir seirbhísí sláinte áitiúil le John le fisiteiripe a fháil agus ina dhiaidh sin le teiripe urlabhra a fháil. Chuamar i dteagmháil leis an scoil náisiúnta áitiúil le háiteanna a aimsiú dár gcuid leanaí. D'fhiafraigh príomhoide na scoile dínn cibé an raibh leanaí eile againn ar chóir a n-ainmneacha a chur ar an liosta feithimh. Chuir sé gach duine dár gcuid leanaí ar an liosta, agus fios aige go raibh míchumas intleachtúil ar John. An tráth sin, bhí go leor bunscoileanna sa cheantar s'againne ag diúltú leanaí faoi mhíchumas intleachtúil, nó á dhéanamh deacair iad a chur ar an rolla. Roghnaigh go leor tuismitheoirí a gcuid leanaí a chur chuig scoileanna speisialta de bharr nach raibh siad ag iarraidh dul i mbaol a leanaí a chur chuig scoil nach gcuirfeadh fáilte rompu.

Thart ar an am sin leagadh comhaontú Salamanca amach, agus dúradh sa chomhaontú go raibh sé de cheart bunúsach ag leanaí faoi mhíchumas intleachtúil oideachas a fháil agus gur chóir go mbeadh rochtain ar ghnáthscoileanna ag leanaí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu. Shínigh Éire an comhaontú sin. Ó thaobh na scoile de, b'fhéidir gur dhealraigh sé gur rud nua, agus rud lena mbainfeadh trioblóid b'fhéidir, glacadh le leanaí faoi mhíchumas intleachtúil. Ó thaobh na dtuismitheoirí de, b'ionann diúltú agus droim láimhe a thabhairt dá leanbh, rud a ghoill go mór orthu. Má bhí scoil sásta glacadh lenár leanaí agus triail a bhaint as, mheasamar gurbh fhearr sin ná diúltú.

D'aimsíomar scoil Montessori eile a bhí thar a bheith sásta glacadh le John agus d'fhan sé inti ar feadh dhá bhliain sular athraigh sé chuig bunscoil. Úllmhúchán maith a bhí ann don athrú chuig an mbunoideachas.

Struchtúr Tacaíochta

Bhí a fhios againn go mbeadh níos mó tacaíochta ag teastáil ó John ar scoil. An tráth sin chuir mo dheirfiúr comhairle mhaith orainn, ba é sin, dul sa tóir ar thuismitheoirí eile ar bhain na cúinsí céanna leo.

Bhuail trí ghrúpa tuismitheoirí le chéile agus thosaíomar ag scríobh chuig an Roinn Oideachais agus ag iarraidh orthu níos mó tacaíochtaí a chur ar fáil. Chuaigh John ar scoil sa bhliain

An taithí atá againn ar uilechuimsitheacht: ar lean

1998. I mí na Samhna na bliana sin fuair sé tacaíocht bhreise ón múinteoir ar cuairt. Thug sí cuairt ar an scoil faoi dhó sa tseachtain agus chaith sí uair an chloig le John gach uair. Bhí an t-adh linn gur duine díograiseach a bhí inti agus go raibh meon dearfach aici. Thug sí tacaíocht do John, agus dá thuismitheoirí agus don mhúinteoir ranga chomh maith.

Leanamar orainn ag iarraidh níos mó tacaíochtaí sláinte sa scoil. Bhí orainn brú a chur freisin go gcuirfí seirbhísí ar fáil an athuair, seirbhísí ar chuir an soláthróir seirbhísí sláinte deireadh leo nuair a ghluaiseamar ó sheirbhísí speisialta go dtí scoil príomhshrutha. Bhí teiripe urlabhra agus le teiripe saothair ag teastáil uaidh John. Bhí a fhios againn an tráth sin go raibh seirbhís for-rochtana ar scoil á fáil ag leanaí eile ón soláthróir seirbhísí.

Dlúthpháirtíocht tuismitheoiríri

Chuamar isteach in Parents for Integration, grúpa tuismitheoirí a bhí ag cur brú go náisiúnta, ag lorg níos mó tacaíochtaí oideachais dá gcuid leanaí. Ansin bhunaíomar ár ngrúpa tacaíochta féin inár gceantar féin, dar teideal Parents for Integration Dublin 15. Faoin am seo bhí spéis ag níos mó tuismitheoirí ann agus bhíomar in ann tacaíocht a thabhairt dá chéile. Thugamar cuireadh do shaineolaithe eile sa réimse míchumais labhairt linn, ina measc daoine ó Down Syndrome Ireland agus daoine gairmiúla eile. Chleamhnaíomar le Inclusion Ireland. Leanamar ar aghaidh ag cur brú ar an Roinn Oideachais agus ar ár soláthróir seirbhísí sláinte, ag iarraidh níos mó tacaíochta uathu. Ghlac an obair sin go léir go leor ama.

Ina theannta sin, teastaíonn níos mó tacaíochta ó thuismitheoirí ó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a gcuid obair bhaile a dhéanamh agus gnáthaimh a bhunú. Tá am agus foighne i gceist leis sin agus bíonn sé fós ag teastáil nuair a théann na leanaí chuig an meánscoil. Bhí ár leanaí eile ag déanamh a gcuid obair bhaile leo féin sular fhág siad an bhunscoil.

Sa bhliain 2004 bhunaíomar club Cluichí Oilimpeacha Speisialta s'againn féin. Bíonn mic léinn ón meánscoil áitiúil ag obair go deonach ann mar chuid dá seirbhís phobail dá nGradaim Gaisce. Cabhraíonn na mic léinn sin go mór leis an gclub gach bliain. Ceapadh múinteoir acmhainne chuig an scoil. Fuair John tacaíocht ó chúntóir Riachtanais Speisialta i rang a ceathair, rud a rinne difríocht mhór dó. Bhí níos mó tacaíochta á fáil ag ár leanaí anois.

Ar aghaidh chuig an dara leibhéal

Mar thuismitheoirí bhíomar ag smaoineamh ar cad a tharlódh anois? Cá rachadh sé tar éis na meánscoile? Chinneamar dul i dteagmháil leis an gColáiste Pobail áitiúil. Bhí drogall orainn, mar rud nua don scoil a bhí ann agus ní raibh a fhios againn arbh é sin an rogha ab fhearr dár ndaoine óga.

Bhí an t-ádh linn go raibh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta bunaithe agus go raibh Eagraí ar Riachtanais Speisialta Oideachais (SENO) ceaptha chuig an gceantar s'againne. Ceann de na freagrachtaí a bhí ar an SENO ná an t-athrú ón mbunscoil go dtí an meánscoil a éascú agus idirchaidreamh a dhéanamh linne na tuismitheoirí, leis an scoil agus leis an Roinn Oideachais. Bhí roinnt cruinnithe againn leis an gColáiste Pobail i rith tréimhse dhá bhliana sular thosaigh John ann. Ba mhór an buntáiste dúinn agus don scoil – agus is mór fós – cúnamh agus tacaíocht an SENO i rith na tréimhse aistrithe sin agus i rith tréimhse na meánscoile.

Bhí lucht na scoile neirbhíseach, mar ba rud nua a bhí ann dóibh. I mo chroí istigh mhothaigh mé nach mbeadh aon fhadhb ag John go sóisialta, ach ní raibh mé cinnte faoina chumas acadúil. Leag an scoil amchlár amach do John. Cuireadh san áireamh é don chuid is mó de na hábhair sna ranganna príomhshrutha agus fuair sé cabhair ón bhfoireann tacaíochta foghlama. Rinne teiripeoir urlabhra John nasc leis an bhfoireann tacaíochta foghlama. Chabhraigh a chúntóir riachtanais speisialta leis a lá a eagrú. Rinne an scoil idirchaidreamh linne agus gach bliain agus leag siad amchlár faoi leith amach do John. De réir mar a bhí na blianta ag imeacht bhí níos mó rochtana ag John ar ranganna tacaíochta foghlama agus bhain sé níos lú leis na ranganna príomhshrutha. Thug an scoil an clár Asdan isteach, ar clár deimhnithe é, a mbaintear úsáid as i Sasana do dhaoine óga faoi mhíchumais intleachtúla. Tá John i mbun cúrsa FETAC i mbliana.

Táimid ag tarraingt ar dheireadh na meánscoile anois agus is deacair a thuiscint cá ndeachaigh na blianta. Tríd is trí bhí taithí an-mhaith ag John sa mheánscoil. Siúlann sé chun na scoile. Tá sé fós ag foghlaim agus tá sé thar a bheith bródúil as a scoil. Ní raibh orainn mar thuismitheoirí brú a chur ar an Roinn Oideachais agus Scileanna ó tháinig an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar an bhfód. Is mór an buntáiste é cúnamh an SENO. Choinnigh an scoil i dteagmháil linn i gcónaí agus tá sí tiomanta an scoth a thabhairt dár leanaí. Tá réimsí ann a d'fhéadfaí a fheabhsú tuilleadh, mar shampla an curaclam a idirdhealú, agus tá tacaíochtaí eile ann a dteastaíonn feabhas uathu.

Súil leis an Todhchaí

Is cinnte gurb iad na scoileanna a roghnaíomar na háiteanna cearta dár ndaoine óga. Timpeallacht spreagthach do John a bhí ann ó thaobh cúrsaí sóisialta, oideachais agus moth-úchánacha. Bhí an t-ádh linn mar bhí triúr cara ag John agus b'ionann sin agus grúpa piaraí, rud atá tábhachtach do gach déagóir. Tá riachtanais speisialta oideachais ag na cairde sin freisin.

Braitheann a tharlóidh anois ar an measúnú a dhéanfar ar John agus ar an oiliúint iomchuí a bheidh ar fáil. Tá aistear eile romhainn agus tá súil againn gur aistear uilechuimsitheach a bheidh ann.

Bhí a fhios againn nach n-oibríonn an uilechuimsitheacht i gcónaí ach b'fhéidir go bhféadfaí tuilleadh clár a chur ar bun, in imeacht ama, d'fhonn tacú le rochtain leanaí ar a scoileanna áitiúla. Teastaíonn tacaíochtaí ó scoileanna le go mbeidh uilechuimsitheacht éifeachtach. Tá súil againn nach gcuirfear deireadh leis na tacaíochtaí sin nó nach ngearrfar siar an iomarca iad anois, agus cúlú eacnamaíochta ann.

Mar fhocal scoir, iarracht leanúnach a bhí ann ach b'fhiú í. Tá súil agam go ndéanfaidh níos mó leanaí rochtain ar na scoileanna áitiúla, mar tá an teimpléad ann agus tá na buntáistí feicthe ag na scoileanna. I measc an phobail go huile is go hiomlán a chóir dár leanaí a bheith.

Malartú ar Leith idir dhá Scoil Speisialta

Ambrose Lavery, Príomhoide, Scoil Speisialta Mhuire, An Uaimh, Co. na Mí

Tharla malartú ar leith idir dhá scoil i mbliana; ceann acu in Klucksbbork sa Pholainn agus an ceann eile in Johnstown, An Uaimh, Co. na Mí. Chuir an dá scoil lena dtaithí foghlama agus ba chóir go mbunófaí cairt comhpháirtíochta idir an dá bhaile i 2011.

Is éard atá i Scoil Speisialta Mhuire scoil do leanaí agus do dhaoine óga idir 4 agus 18 bliain d'aois a bhfuil deacrachtaí foghlama measartha agus atá faoi mhíchumas mór nó thar a bheith mór Cuireadh tús le teagmháil leis an ionad do mhíchumais foghlama in Klucsbork in 2007 nuair a chláraigh mac léinn Polainneach ón gceantar sin le Scoil Mhuire agus nuair a tháinig teiripeoir saothair, Agnieska Widziszowska, chun na scoile mar bhall foirne. Is scoil speisialta atá ag fás í Scoil Mhuire agus tá seachtó dalta ó Chontae na Mí ag freastal uirthi.

Agus stampa dearbhaithe cáilíochta le haghaidh ríomhnascadh faighte acu, d'aithin na scoileanna go raibh deis stairiúil ann an curaclam a leathnú agus caidreamh a fhorbairt a rachadh go mór chun leasa an dá scoil chomh luath is a bhunófaí é.

Le linn na bliana acadúla 2008/2009, le hairgead a bhailigh an scoil, chuaigh grúpa d'ocht nduine dhéag, idir bhall foirne agus mhic léinn óga, faoi stiúir an Uasail Ambrose Lavery, Príomhoide, go dtí an Pholainn ar chlár malartaithe cúig lá. Bhí an-rímead ar an ngrúpa faoin bhfáilte mhór chroíúil a cuireadh rompu. Bhí an bhliain caite acu ag roinnt tuairimí le muintir na Polainne, trí ICT maidir leis an tslí a bhfreagraítear do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu ina dtíortha faoi seach. Ní raibh sé i bhfad go bhfuair siad amach, cé gurb iomaí difríocht a bhí eatarthu gur mhór an mhéid a thug le chéile iad freisin.

Thug grúpa de sheacht nduine dhéag ón bPolainn cuairt ar Éirinn in 2010 faoi stiúir an Phríomhoide Malgorzata Kiringponde. Ina measc bhí ceannaire an rialtais áitiúil, Janusz Kedzia, Leas-Mhéara Klucksbork, Andrezez Novak agus ceannairí eagraíochtaí éagsúla a oibríonn le daoine faoi mhíchumais.

Tugann an toscaireacht cuairt ar an Uachtarán in Áras an Uachtaráin

Bhí clár mór imeachtaí ag an toscaireacht, ina measc fáiltiú sibhialta ag Halla an Bhaile, an Uaimh, fáiltiú óAmbasadóir na Polainne ar Éirinn, an Dr. Thadeusz Szunowski, agus cuairt ar Áras an Uachtaráin chun bualadh leis an Uachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa, a chuir fáilte mhór roimh an dá ghrúpa. Bhí Maureen Smith, NCSE, i láthair ag an bhfáiltiú. Rinne an tUachtarán Mhic Ghiolla Íosa comhghairdeachas le gach duine a raibh baint acu le forbairt na comhpháirtíochta ar leith sin, comhpháirtíocht a chruthaigh nasc idir dhaoine thar a bheith speisialta, a raibh riachtanais speisialta acu, nasc beo a bhíonn ag fás. Thabharfadh sin tairbhe agus saibhreas do shaol gach duine a raibh baint aige léi. Labhair sí go mórtasach faoin méid a bhain na mic léinn óga ó Cho. na Mí amach ar son na hÉireann.

The San áireamh sa mhalartú, a dúradh gur imeacht iomlán nua do Scoil Mhuire é, ceardlanna éagsúla, seimineáir agus dinnéar fleáchais. Tá an chomhpháirtíocht trí bliana ar an bhfód anois, ag cruthú naisc i gcónaí, agus é mar aidhm aici Méara na hUaimhe a chur chun na Polainne le tuilleadh naisc a chruthú a mbeidh mar deireadh leo an dá bhaile a nascadh. Labhair Méara na hUaimhe, an tUas. Phil Brennan, ar na cainteanna dearfacha idir an dá chomhairle, a bhféadfadh buntáistí eacnamaíocha don dá bhaile a bheith mar thoradh orthu.

Is mór an méid a baineadh amach le dhá bhliain anuas mar gur chláraigh mac léinn amháin ón bPolainn le Scoil Mhuire. Osclaíodh caibidil nua don dá scoil speisialta faoi seach ina leanfar ar aghaidh ag foghlaim, ag roinnt agus ag fás ar feadh na mblianta.

Príomhoide na scoile, Ambrose Lavery, ag cur fáilte roimh an toscaireacht

Luath-idirghabháil a sholáthar do leanaí a bhfuil Uathachas orthu

Rinne an tUas. Jim Jordan, SENO Sinsearach agus SENO do Chill Mhantáin Thoir Thuaidh, rang luath-ghabhála a oscailt go hoifigiúil i mBunscoil Bhaile an Chinnéide, Dé hAoine an 26 Márta, 2010.

Bhí leanaí, tuismitheoirí, múinteoirí agus daoine gairmiúla eile agus cairde i láthair ag an ócáid, chomh maith le Carmel Dempsey, Uasal, Príomhoide, agus an tUas. Hugh McDaid, cathaoirleach an bhoird bhainistíochta.

Leag gach duine a labhair ag an ócáid béim ar thábhacht na luath-ghabhála do leanaí a bhfuil ASD acuagus an tionchar dearfach a bhíonn aige sin ar a saol. Leagadh béim ar an obair dhearfach a dhéantar i mbunranganna na scoile agus tugadh an luach a bhaineann le ranganna luath-ghabhála agus bunranganna a bheith i mBaile an Chinnéide ar aird. Aithníodh an cheannaireacht dhinimiciúil atá sa scoil agus moladh an t-éiteas dearfach agus an cur chuige 'is féidir' atá ag pobal uile na scoile, go háirithe maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Thug an oscailt oifigiúil sin deis don phobal an rang luath-idirghabhála agus an clós súgartha nua a fheiceáil. Rinne an pobal seo airgead a bhailiú go gníomhach chun cur leis na saoráidí don aonad ASD.

Rang Idirghabhála Urlabhra agus Teanga sonrach do Chill Mhantain

Ar feadh na mblianta bhí ar leanaí a raibh neamhord urlabhra agus teanga sonrach acu, a bhí ina gcónaí i gCill Mhantáin agus a measadh a bheith oiriúnach do hidirghabhálacha a cuireadh ar fáil laistigh de rang speisialta, taisteal go dtí Baile Átha Cliath chun leas a bhaint as an tseirbhís sin. Chuir an t-aistear sin strus ar na leanaí agus a dteaghlaigh agus chuir sé brú ar na háiteanna a bhí ar fáil i mBaile Átha Cliath.

Ó Mheán Fómhair 2010 féadfaidh leanaí leas a bhaint as an tseirbhís sin ina gcontae féin. Chomhordaigh an SENO áitiúil próiseas comhoibríoch thar ceann an NCSE. Áiríodh ar an lucht comhoibrithe príomhoide agus bord bainistíochta scoile áitiúla agus pearsanra ó NEPS agus ón HSE áitiúil.

Chríochnaigh comhráití i Meitheamh 2010 agus bhí mar thoradh orthu gur bunaíodh rang Idirghabhála Urlabhra agus Teanga Sonrach ag Bunscoil St. Kevin sna Clocha Liath, faoi bhainistiú an Phríomhoide, Noreen Lawlor, Uasal.

Chuir Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga áitiúla na leanaí ar aghaidh agus chinntigh coiste iontrála gur chomhlíon gach iontrálaí critéir an DES maidir le rollú i rang den sórt sin. Ceapadh múinteoir ranga agus rinneadh an HSE teiripeoir urlabhra agus teanga a shannadh. Leithdháileadh na seacht áit go léir in am d'oscailt na scoile i mí Mheán Fómhair.

Seimineár Taighde an NCSE 2010

Thionóil an NCSE a dhara seimineár taighde in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh an 24 Samhain, 2010. Mar chuid den seimineár bhí cur i láthair ó thriúr údar a rinne turascálacha taighde le déanaí. Rinne siad plé ar leithligh ar na saincheisteanna seo a leanas: samhlacha agus torthaí sárchleachtais maidir le hoideachas do leanaí a bhfuil suaitheadh mothúchánach/deacrachtaí iompraíochta acu, samhlacha idirnáisiúnta le diagnóis agus measúnú a dhéanamh ar riachtanais speisialta oideachais; agus suirbhé náisiúnta ar dhearcaí agus ar thaithí tuismitheoirí ar sheirbhísí oideachais speisialta.

Leagadh amach sa seimineár clár taighde an NCSE agus ar an tionchar a bhíonn aige. Rinneadh cur i láthair chomh maith ar luach agus teorainneacha na taighde san oideachas speisialta agus leagadh amach taithí an NCSE maidir le comhairle beartais a fhorbairt don Aire Oideachais agus Scileanna.

D'fhreastail thart ar chéad is daichead toscaire ar an ócáid. Maidir leis na daoine sin nach raibh in ann freastal uirthi, tá gach cur i láthair ar fáil ar leathanaigh taighde láithreán gréasáin an NCSE. Tá roinnt de na tuarascálacha taighde foilsithe ansin freisin; foilseofar na cinn eile chomh luath agus a bheidh an dearadh tugtha chun críche. Tá sleachta as na tuarascálacha taighde a cuireadh i láthair ag an seimineár ar fáil thíos:

Athbhreithniú Idirnáisiúnta ar an Litríocht maidir le Fianaise ar Shamhlacha agus Torthaí Sárchleachtais agus maidir le hOideachas do Leanaí a bhfuil Suaitheadh Mothúchánach / Deacrachtaí Iompraíochta acu

An tOllamh Paul Cooper, University of Leicester

Ba é an aidhm a bhí leis an athbhreithniú idirnáisiúnta seo ar an litríocht thaighde

- athbhreithniú a thabhairt ar an litríocht idirnáisiúnta atá ar fáil ar shamhlacha oideachais do leanaí a bhfuil suaitheadh mothúchánach/deacrachtaí iompraíochta agus suaitheadh mothúchánach trom/deacrachtaí iompraíochta troma acu, a léiríonn torthaí fianaise-bhunaithe don leanbh
- an méid a chaithfear seirbhísí oideachais agus sláinte a chomhordú chun riachtanais an chohóirt seo a chomhlíonadh
- moltaí a dhéanamh maidir leis an soláthar is fearr den tseirbhís seo in Éirinn le súil is beartas náisiúnta a chur ar an eolas agus riachtanais na n-oideachasóirí a bhreithniú maidir leis sin
- forbhreathnú ar na himpleachtaí a bhainfeadh le cur i bhfeidhm praiticiúil moltaí den sórt sin i gcomhthéacs chóras oideachais agus sláinte reatha na hÉireann.

Tháinig go leor fianaise chun cinn san athbhreithniú chun tacú leis an gconclúid go gcuireann scoileanna príomhshrutha go mór le suaitheadh mothúchánach/deacrachtaí iompraíochta a chosc agus a mhaolú, má bhíonn a dhóthain oiliúna agus foireann tacaíochta acu. Fuarthas go dtugann cur chuigí bunaithe ar shamhlacha iompraíochta agus iompraíochta cognaíche an fhianaise éifeachtúlachta is láidre. Is féidir na cur chuigí sin a fhoghlaim go minic trí chláir oiliúna sách gearra, agus is fearr iad a chur i bhfeidhm laistigh de chomhthéacs chur chuige sa scoil uile. Tugadh ar aird, cé go bhfuil go leor de na cur chuigí a ndearnadh athbhreithniú orthu oiriúnach le húsaid i seomraí ranga príomhshrutha, go bhfuil fianaise láidir ann a thugann le tuiscint go mbíonn ról tábhachtach le himirt ag roghanna neamh-phríomhshrutha, uaireanta (mar shampla sain-soláthar ar an láthair agus seachtrach), agus go mbíonn siad níos éifeachtaí nuair a dhéantar iad a lánpháirtiú le soláthar príomhshrutha. Tá ról tábhachtach le himirt ag comhoibriú ildhisciplíneach maidir le riachtanais mhic léinn a bhfuil fadhbanna iompraíochta agus meabhairshláinte acu a chomhlíonadh i suíomhanna pobail agus scoile. Moladh go bhféadfaí an próiseas sin a éascú trí chreat teoiriciúil bith-síceasóisialta a ghlacadh maidir le forbairt beartas, de bharr an chumhacht atá aige coimhlintí a d'fhéadfadh a bheith ann idir cur chuigí aonair agus sóisialta ar shuaitheadh mothúchánach/deacrachtaí iompraíochta a thuiscint, a ailíniú le chéile.

An tUas. Eugene Toolan, Coláiste San Aingeal, Sligeach leis an Ollamh Paul Cooper.

An tOllamh Geoff Lindsay, University of Warwick

An Dr. Seamus Hegarty, Jennifer Doran, Uasal, An Dr. Clare Farrell, Mary Byrne Uasalll,

Rannpháirititihe ag Comhdháil an NCSE

Seimineár Taighde an NCSE 2010: ar lean

Nósanna Imeachta a mbaintear úsáid astu chun Diagnóis a dhéanamh ar Mhíchumas agus chun Riachtanais Oideachais Speisialta a Mheas: Athbhreithniú Idirnáisiúnta

An tOllamh Geoff Lindsay, University of Warwick

Fiosraíodh sa staidéar seo cleachtas agus caighdeáin idirnáisiúnta i ndáil le diagnóis a dhéanamh ar mhíchumas agus na riachtanais oideachais speisialta (SEN) a leanann as a aithint, agus scrúdaíodh sé na himpleachtaí do chóras na hÉireann chomh maith. Léirigh staidéar ar ocht dtír gur theastaigh diagnóis ar mhíchumas uathu sula ndéanfaí riachtanais a mheas, agus ar an taobh eile nár theastaigh sin ó leath na dtíortha. Thug an tuarascáil seo le tuiscint go mbaineann go leor fadhbanna leis an gcóras faoina ndéantar diagnóis, lena n-áirítear:

1. easpa ó thaobh comhchórais rangaithe ar mhícumas;
2. easpa ó thaobh úsáid comhleanúnach córais idir tíortha nó lastigh díobh, fiú;
3. na fadhbanna coincheapúla a bhaineann go nádúrtha le córas faoi stiúir an mhíchumais, lena n-áirítear an tslí nach gcuirtear ach líon teoranta daltaí a chur i gcatagóirí sonracha, tréithe leanaí a bheith ag baint le níos mó ná catagóir amháin, agus an t-athrú ar chatagóiriú daltaí (agus catagóirí) in imeacht ama;
4. nádúr treo forbartha na leanaí ar leithligh agus a gcuid riachtanas a athraíonn in imeacht ama;
5. easpa ó thaobh uirlisí measúnaithe a úsáid go leanúnach - le diagnóis nó measúnú a dhéanamh; agus
6. an éagsúlacht maidir leis na daoine gairmiúla a bhí i gceist, a gcuid oiliúna agus a gcuid saineolais. Tugtar achoimre sa pháipéar seo ar na torthaí agus fiosraíonn sé na himpleachtaí do chóras na hÉireann.

An tUas. Pat Curtin, an tUas. Se Goulding, NCSE le Teresa Griffin, Uasal, DES

An tOllamh Paul Cooper, Gillian Kane, Uasal, An tOllamh Richard Rose, an Dr Seamus Hegarty

Rannpháirititihe ag Comhdháil an NCSE

Suirbhé Náisiúnta ar Dhearcaí agus ar Thaithí Tuismitheoirí ar Sheirbhísí Oideachais Speisialta Áitiúla agus Náisiúnta

Gillian Kane agus an Dr. David Armstrong, PricewaterhouseCoopers LLP

I mí na Nollag 2008, choimisiúnaigh an NCSE PwC le tabhairt faoi shuirbhé náisiúnta ar thuismitheoirí leanaí agus daoine óga a raibh ROS acu. Ba é aidhm na taighde sin fiosrú a dhéanamh ar a dearcaí agus ar antaithí a bhí acu ar sheirbhísí oideachais speisialta áitiúla agus náisiúnta. Ba iad na cuspóirí a bhí leis;

- Tabhairt faoi athbhreithniú leathan ar fhianaise eimpíreach ábhartha a bheidh mar fhaisnéis agus mar bhonn taca leis an staidéar foriomlán
- An staidéar a shuíomh laistigh de chomhthéacs polaitiúil agus beartais
- Creat modheolaíoch a fhorbairt le tabhairt faoi shuirbhé ar 1,000 tuismitheoir leanaí a bhfuil raon RSO acu, d'fhonn na dearcaí agus an taithí sin ar sheirbhísí oideachais speisialta a fháil; agus
- Saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cleachtas agus beartas ag leibhéal na scoile áitiúla agus ag an leibhéal náisiúnta a aithint.

Bhí leibhéil sástachta na dtuismitheoirí le hoideachas foriomlán a leanaí agus leis na seirbhísí oideachais speisialta sách ard; ach léirigh mionlach suntasach deich go fiche faoin gcéad míshástacht le gnéithe áirithe den soláthar tacaíochta. Chuir go leor tuismitheoirí fáilte roimh an taighde seo, agus dúirt cuid acu go raibh gá le haird a thabhairt ar dhearcaí tuismitheoirí ar bhonn leanúnach.

Bhí baint mhór ag an ngaol atá idir an tuismitheoir agus an scoil le dearcaí agus letaithí tuismitheoirí ar sheirbhísí oideachais speisialta. Luaigh na tuismitheoirí sin a dúirt go rabhthas ag freastal ar riachtanais a leanaí le héiteas tacúil, tuiscint mhaith ar riachtanais an linbh ó thaobh na foirne agus cumarsáid mhaith idir an scoil agus na tuismitheoirí. Dealraíonn sé gurb é an próiseas measúnaithe agus an leithdháileadh acmhainní a lean as sin is mó a chruthaigh frustrachas do thuismitheoirí. Bhí faisnéis agus treoir níos fearr riachtanach do thuismitheoirí mar théama leanúnach sa taighde, mar a bhí an leibhéal comhordaithe agus comhoibrithe idir seirbhísí oideachais agus sláinte, chomh maith.

Aithníodh sa taighde sin príomhréimsí a bheadh le breithniú tuilleadh, go háirithe bearta a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Cuireadh na saincheisteanna sin le chéile faoi na ceannteidil seo: cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, oiliúint agus treoir a thabhairt do phearsanra scoile, agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis reatha. Cé go bhfuil sé deacair tosaíocht a thabhairt do na bearta molta éagsúla, thabharfadh torthaí na taighde seo le tuiscint go gcabhrófaí le leibhéil sástachta tuismitheoirí leis an soláthar SEN a fheabhsú trí aghaidh a thabhairt ar roinnt den ábhar imní thart ar an measúnú arna ardaítear ag tuismitheoirí rannpháirteacha.

Rannpháirtithe ag an gComhdháil

Comhdháil ar Oideachas na mBodhar

Tionóladh an 21ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Oideachas na mBodhar (ICED) in Vancouver, Ceanada an 18 - 22 Iúil 2010. Is éard a bhíonn san ICED cruinniú taighdeoirí, oideachasóirí agus comhghleacaithe ó chúlraí éagsúla oideachasúla agus cultúrtha a thagann le chéile gach cúig bliana le tuairimí a roinnt, agus le taighde agus sárchleachtas reatha sa réimse a phlé. Bhí os cionn 700 rannpháirtí i láthair ag an gcomhdháil ó níos mó ná fiche tír. 'Comhpháirtithe san Oideachas' ab ea téama nacomhdhála. Cuireadh clár eolaíoch leathan ar fáil le linn na ceithre lá agus thug láithreoirí leithéidí ag láithreoirí mar Connie Mayer (Ceanada), Sue Archbold (UD), Nassozi B. Kiyaga (Uganda), Donald F. Moores (SAM), Peter V. Paul (SAM). Bhí ionadaithe ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ag spreagaithisc ag an gComhdháil.

An Fóram Nua Comhchomhairleach NCSE atá ceaptha

Faoin Acht EPSEN 2004, tá ceangal ar an NCSE Fóram Comhchomhairleach a cheapadh le comhairle a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann le feidhmíocht a chuid feidhmeanna. Bunaíodh an chéad Fóram Comhchomhairleach NCSE in 2006 agus tar éis dá théarma oifige dul in éag b'éigean baill a cheapadh chuig an dara Fóram. Mar a éilítear faoin Acht EPSEN, chuaigh an Chomhairle i gcomhairle leis na daoine agus na heagraíochtaí seo a leanas sula ndearna sé na ceapacháin sin:

- An tAire Oideachais & Scileanna;
- Na Cumainn Tuismitheoirí Náisiúnta;
- Comhlachtaí Deonacha a mbaineann a bhfeidhmeanna le cur chun cinn leasa nó soláthair seirbhísí tacaíochta do dhaoine atá faoi mhíchumas;
- Eagraíochtaí Bainistithe Scoile aitheanta;
- Ceardchumainn aitheanta agus Cumainn Foirne a dhéanann ionadaíocht ar Mhúinteoirí agus ar Phríomhoidí Scoileanna;
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais;
- Cumann Síceolaithe na hÉireann; agus
- Daoine eile ar spéis leo nó a bhfuil eolas faoi leith acu ar oideachas do leanaí atá faoi mhíchumas, de réir a mheasann an Chomhairle a bheith cuí.

Tar éis breithniú mionsonraithe a dhéanamh ar na hainmniúcháin a fuarthas agus le haird iomchuí ar théarmaí an Achta EPSEN 2004, cheadaigh an Chomhairle ceapachán seacht mball déag. Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna trí bhall breise. 2010-2012 téarma oifige an fhóraim reatha.

Seo a leanas baill an Fhóraim Chomhchomhairligh reatha

	Ainmnithe ag	*Ainm*
1.	Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB)	Marie Therese Kilmartin, Uasal
2.	Inclusion Ireland	Katherine O'Leary, Uasal
3.	Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)	Sally Maguire, Uasal
4.	Cumann Síceolaithe na hÉireann (PSI)	An tOllamh Des Swan
5.	Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta d'Oideachas Speisialta (NABMSE)	An tUas. Edward Byrne
6.	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (NAPD)	An tUas. Rory O'Sullivan
7.	Líonra Phríomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN)	An tUas. Pat Goff
8.	an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse (NPCP)	Sarah Parlane, Uasal
9.	Catholic Primary School Management Association (CPSMA)	An tUas. Seán Balfe
10.	Cónaidhm na hÉireann um Míchumas	An tUas. Robert Jones
11.	Aontas Múinteoirí Éireann (TUI)	Bernie Ruane, Uasal
12.	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha (ACS)	Antoinette NicGearailt, Uasal
13.	an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA)	Mary Van Lieshout, Uasal
14.	Daoine Faoi Mhíchumas in Éirinn (PwDI)	Mary Dunne, Uasal
15.	Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)	An tUas. Feargal Brougham
16.	An Cumann Gairmoideachais in Éirinn (IVEA)	An tUas. Seán Burke
17.	Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (HSE)	Patricia McLarty, Uasal
18.	An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES)	Mr Alan Sayles, Inspector
19.	An Roinn Oideachais agus Scileanna (DES)	Paula Long (NEPS), Uasal
20.	An Roinn Oideachais agus Scileanna	An tUas. Terry Reynolds (Rannóg Oideachais Speisialta)

Tionóladh an chéad chruinniú den dara Fóram Comhchomhairleach an 19 Lúnasa 2010 agus bhain sé le cathaoirleach a thoghadh agus le díospóireacht ar ról agus feidhmiú an Fhóraim. Comhaontaíodh go mbeadh Comh- Chathaoirleacht i gceist idir an tUas. Sean Burke (IVEA) agus an tUas. Pat Goff (IPPN).

Tionóladh trí chruinniú den Fhóram le linn 2010. Tá an Chomhairle i mbun comhairliúcháin leis an bhFóram faoi láthair ar dhá ábhar:

a. an ról a bheidh ag ranganna agus ag scoileanna speisialta amach anseo
b. Oideachas do Leanaí atá Bodhar/a bhfuil Deacrachtaí Éisteachta acu

Ba mhaith leis an gComhairle an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach eagraíochta agus duine a rinne iarratas ar ainmniúchán chuig an bhFóram. Aithnítear an spéis a léirigh tú in obair an NCSE.

An Ghníomhaireacht Eorpach um Fhorbairt san Oideachas Riachtanais Speisialta: Nuashonrú

Is comhlacht neamhspleách agus féin-rialaithe í an Ghníomhaireacht Eorpach um Fhorbairt san Oideachas Riachtanais Speisialta a bhunaigh ballstáit an Aontas Eorpaigh. Tá an Íoslainn, an Iorua agus an Eilvéis ina dtíortha rannpháirtíochta inti chomh maith. Éascaíonn an Ghníomhaireacht faisnéis a bhailiú, a phróiseáil agus a scaipeadh maidir le hoideachas do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil SEN acu ar fud na hEorpa agus cuireann sí rannpháirtíocht iomlán leanaí agus daoine óga a bhfuil SEN acu san oideachas agus oiliúna príomhshrutha chun cinn. Tá roinnt tionscadal téamach tábhachtach idir lámha ag an nGníomhaireacht atá ag céimeanna éagsúla forbartha. Tugtar samplaí thíos de thionscadail reatha agus den obair atá beartaithe ag an nGníomhaireacht a dhéanamh amach anseo. Tá eolas ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Eorpaigh ar fáil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta http://www.european-agency.org/

Is iad Don Mahon, Príomhchigire Cúnta, an Roinn Oideachais agus Scileanna (Ball Boird Ionadaíoch) agus Mary Byrne, Comhairleoir Oideachais Speisialta, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (Comhordaitheoir Náisiúnta) ionadaithe na hÉireann ar an nGníomhaireacht. Ainmnítear daoine a bhfuil saineolas acu san oideachas speisialta agus san oideachas uilechuimsitheach ó am go ham le feidhmiú mar shaineolaithe náisiúnta ar Éirinn, i dtionscadail na Gníomhaireachta.

European Agency for Development in Special Needs Education

Projects

Oideachas Múinteoirí don Uilechuimsitheacht

Tá an t-athbhreithniú beartas agus an t-athbhreithniú litríochta idirnáisiúnta a bhaineann leis an tionscadal seo tugtha chun críche agus tá siad ar fáil ag rannóg tionscadal an láithreáin ghréasáin. Fuarthas tuarascálacha ar bheartas agus cleachtas san oideachas múinteoirí ó 27 tír, Éire ina measc. Tá obair ar bun anois ar thuarascáil shintéise agus tá comhdháil tionscadail chríochnaitheach le tionól san Earrach 2012.

Gairmoideachas agus Gairmoiliúint: Beartas agus Cleachtas i réimse an ORS (VET)

An aidhm atá leis an tionscadal seo ná príomhghnéithe na gclár VET a aithint agus a fhiosrú d'fhoghlaimeoirí a bhfuil SEN acu idir 14 agus 25 bliain d'aois, le nasc soiléir chuig deiseanna fostaíochta. Tá samplaí de chláir VET náisiúnta/áitiúla d'fhoghlaimeoirí a bhfuil SEN acu, ar éirigh go maith leo i dtíortha rannpháirtíochta bailithe agus tuairisc ghinearálta tugtha orthu. Tá cuairteanna staidéir á n-eagrú l do thréimhse trí bliana an tionscadail.

Idirghabháil Luath-Óige

Tugadh nuashonrú tionscadail ar idirghabháil luath-óige chun críche le linn 2010. Tá an tuarascáil achoimre á haistriú agus á cló faoi láthair agus beidh fáil uirthi go luath.

Tionscadail a fuair Maoiniú Breise

Tá maoiniú breise faighte ag an nGníomhaireacht le tacú le tionscadal aon bhliana chun moltaí soiléire a thabhairt do dhéantóirí beartas faoin tslí le feidhmiú beartas don oideachas uilechuimsitheach a leagan amach. Ní mór an fhaisnéis cháilíochta agus chainníochta is gá a bhailiú d'fhonn dul chun cinn ar chur i bhfeidhma chomhaontú. Beidh an tionscadal sin ar siúl ó mhí na Samhna 2010 go dtí Deireadh Fómhair 2011 agus maoineofar í le maoiniú breise AE arna chur ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach. Beidh Éire rannpháirteach sa tionscadal seo agus tá saineolaí tíre ainmnithe aici.

Oideachas Uilechuimsitheach (IEA)

Is as cáipéis a d'fhoilsigh UNESCO dar teideal 'Policy Guidelines on Inclusion in Education' a d'eascair an tionscadal seo agus is comhoibriú é idir an Ghníomhaireacht agus UNESCO. Is tionscadal aonbhliana píolótach é seo agus is é an príomhthoradh tairseach gréasáin tiomanta a thabharfaidh samplaí praiticiúla d'fhonn an bhearna idir beartas agus cleachtas a dhúnadh. Forbraíodh creat critéar le tacú leis an réimse samplaí. Tá an t-ábhar go léir ar fáil le híoslódáil ón láithreán gréasáin ag: http://www.inclusive-education-in-action.org/iea/ Ceann de na samplaí a roghnaíodh ná iontráil ó Éirinn a cuireadh isteach chuig an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta a d'fhiosraigh úsáid na gclár puipéad 'Kids on the Block' d'fhonn cur leis an bhfeasacht ar uathachas agus bodhaire i mbunscoileanna.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT) in Oideachas do Dhaoine atá faoi Mhíchumas

Sampla eile é seo de chomhfhiontar ina bhfuil an Ghníomhaireacht ag obair le hInstitiúid UNESCO do Theicneolaíochtaí Faisnéise san Oideachas (UNESCO-IITE) ar chomhchleachtas chun 'Athbhreithniú Cleachtais' a fhorbairt. Tá sé beartaithe go mbeadh foilseachán nua ollmhór le cur amach go luath in 2011. Cuirfear samplaí i láthair san Athbhreithniú seo de chleachtas ICT atá in úsáid le daoine atá faoi mhíchumas i gcomhthéacsanna agus i suíomhanna oideachais éagsúla. Is é sprioc an Athbhreithnithe aird a dhíriú ar príomhtheachtaireachtaí agus ar phríomh-mholtaí maidir le beartas agus cleachtas sa réimse seo.